


Laoch na hÉireann

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoin dornálaíocht. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, déan cur síos don duine in aice leat ar a bhfuil ar eolas agat faoi Katie Taylor.



Ceist 2

Féach ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?

ó cáid stairiúil _____
tuairiscítear _____
an ceann is fearr a fháil ar _____
éadrom-mheáchan _____
seaimpín _____
clú agus cáil ar _____
go mór mór _____
murach Katie _____
leathchéad bliain _____
tuillte _____

Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cad a bhuaigh Katie Taylor?
2. Cén fáth a luaitear Páirc an Chrócaigh sa mhír?
3. Cén fáth a gceapann Róisín gur cheart do Katie Taylor a bheith ag troid i bPáirc an Chrócaigh?
4. Cén fáth a gceapann Róisín gur duine an-tábhachtach í Katie i saol an spóirt in Éirinn?
5. Cad a tharla caoga bliain ó shin?

Ceist 4 ‘...bean Chill Mhantáin...’

Athscríobh na contaetha cearta ón liosta faoi na cúigí cuí.

| | |
|---------------------------|------------------------|
| Contae an Chabháin | Contae Laoise |
| Contae an Chláir | Contae Liatroma |
| Contae an Dúin | Contae Loch Garman |
| Contae an Longfoirt | Contae Lú |
| Contae Aontroma | Contae Luimnigh |
| Contae Ard Mhacha | Contae Mhaigh Eo |
| Contae Bhaile Átha Cliath | Contae Mhuineacháin |
| Contae Cheatharlach | Contae na Gaillimhe |
| Contae Chiarraí | Contae na hIarmhí |
| Contae Chill Chainnigh | Contae na Mí |
| Contae Chill Dara | Contae Phort Láirge |
| Contae Chill Mhantáin | Contae Ros Comáin |
| Contae Chorcaí | Contae Shligigh |
| Contae Dhoire | Contae Thiobraid Árann |
| Contae Dhún na nGall | Contae Thír Eoghain |
| Contae Fhear Manach | Contae Uíbh Fhailí |

| | |
|-----------------|--------------|
| Cúige Chonnacht | Cúige Mumhan |
| | |
| Cúige Laighean | Cúige Uladh |
| | |


Ceist 5 Féach ar an sliocht thíos. Tá ceithre shéimhiú fágtha ar lár. Breac isteach anois iad!

Tá go leor cainte faoi comórtas eile dornálaíochta a bheith idir laoch na tíre seo, Katie Taylor agus Amanda Serrano i bPáirc an Chrócaigh. Ócáid stairiúil a bheas ann ar ndóigh. Tuairiscítear go bhfuil cainteanna ann faoin troid a reáchtáil i mBaile Átha Cliath i mí Deireadh Fómhair. Fuair Taylor an ceann is fearr ar Serrano ag an deireadh seachtaine, i gcomórtas dornálaíochta in Madison Square Garden. Fágann an bua sin sa gcrabhadh éadrom-meáchan dhomhanda gurb í bean Cill Mhantáin an seaimpín i gcónaí.

Ceist 6 Conas a mhothaigh tú nuair a chuala tú gur bhuaigh Katie Taylor an comórtas dornálaíochta? Ar chuir tú téacs chuig do chara le *emoji*?

Seo thíos na deich emoji ba mhó a thaitin le daoine sna Stáit Aontaithe sa bhliain 2021, de réir *The New York Times*.

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht Gaeilge a chur ar na mothúcháin a léirítear iontu.



An mbaineann sibh féin úsáid as aon emoji eile, nach bhfuil ar an liosta sin? Cad iad?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinnfear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

| | |
|------------------------------|----------------------------|
| ócáid stairiúil | a historic occasion |
| tuairiscítear | it is reported |
| an ceann is fearr a fháil ar | to beat, get the better of |
| éadrom-mheáchan | lightweight |
| seaimpín | champion |
| clú agus cáil ar | famous |
| go mór mór | especially |
| murach Katie | if it weren't for Katie |
| leathchéad bliain | fifty years |
| tuillte | deserved |

Ceist 3

Féach an script

Ceist 4

| | |
|--|--|
| Cúige Chonnacht | Cúige Mumhan |
| Contae na Gaillimhe Contae Liatroma Contae Mhaigh Eo Contae Ros Comáin Contae Shligigh | Contae Chiarraí Contae an Chláir Contae Chorcaí Contae Luimnigh Contae Phort Láirge Contae Thiobraid Árann |
| Cúige Laighean | Cúige Uladh |
| Contae Bhaile Átha Cliath Contae Cheatharlach Contae Chill Chainnigh Contae Chill Dara Contae Chill Mhantáin Contae na hIarmhí Contae Laoise Contae Loch Garman Contae an Longfoirt Contae Lú Contae na Mí Contae Uíbh Fhailí | Contae Aontroma Contae Ard Mhacha Contae an Chabháin Contae Dhoire Contae an Dúin Contae Dhún na nGall Contae Fhear Manach Contae Mhuineacháin Contae Thír Eoghain |

Ceist 5

Tá go leor cainte faoi **ch**omórtas eile dornálaíochta a bheith idir laoch na tíre seo, Katie Taylor agus Amanda Serrano i bPáirc an Chrócaigh. Ócáid stairiúil a bheas ann ar ndóigh. Tuairiscítear go bhfuil cainteanna ann faoin troid a reáchtáil i mBaile Átha Cliath i mí **Dh**eireadh Fómhair. Fuair Taylor an ceann is fearr ar Serrano ag an deireadh seachtaine i gcomórtas dornálaíochta, in Madison Square Garden. Fágann an bua sin sa gcrabhbh **h**éadrom-mheáchan dhomhanda gurb í bean **Ch**ill Mhantáin an seaimpín i gcónaí.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

1. Tá sé greannmhar.
2. Go raibh míle maith agat. / Is tú mo ghrá. / Tá mé an-mhór leat.
3. Gáire os ard. / Tá mé ag gáire agus na deora liom.
4. Ceart go leor. / Aontaím leat. / Tuigim.
5. Tá mé trína chéile le brón, le háthas nó le faoiseamh.
6. Le do thoil.
7. Póg. / Póigíní.
8. Tá mé i ngrá leat. / Is breá liom thú. / Tá mé an-mhór leat.
9. Tá mé i ngrá leat. / Tá mé i ngrá leis. / Tá mé i ngrá léi.
10. Tá áthas orm. / Tá mé sásta faoi sin.

Na cinn nach raibh ann:



Úps! / Tá brón orm.



Tá fearg orm. / Tá mé ar mire leat.



An gceapann tú? / Níl a fhios agam.



Tá an-bhrón orm.

Áine Lally

Tá go leor cainte faoi chomórtas eile dornálaíochta a bheith idir laoch na tíre seo, Katie Taylor agus Amanda Serrano i bPáirc an Chrócaigh. Ócáid stairiúil a bheas¹ ann ar ndóigh. Tuairiscítear go bhfuil cainteanna ann faoin troid a reáchtáil i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair. Fuair Taylor an ceann is fearr ar Serrano ag an deireadh seachtaine, i gcomórtas dornálaíochta in Madison Square Garden. Fágann an bua sin sa gcraobh² éadrom-mheáchan dhomhanda gurb í bean Chill Mhantáin an seaimpín i gcónaí.

Róisín Gannon, Dornálaí le Club Dornálaíochta Chonamara

Tá clú agus cáil ar Katie agus tá a fhios ag chuile³ dhuine fúithi, ach tá sé thar am aici troid a bheith aici sa mbaile, go mór mór leis an méid atá déanta aici do dhornálaíocht na hÉireann agus *even* níos mó arís do dhornálaíocht na mná (na mban). Mar, murach Katie ní bheadh aon dornálaíocht ann in Éirinn do mhná. Ach cheapfainn, má thagann sí go Páirc an Chrócaigh, nach mbeidh aon duine sa tír nach mbeidh ag iarraidh ticéad a fháil le dul chuici.

Mar gheall, tá sé leathchéad bliain ó bhí an troid phroifisiúnta thuas i bPáirc an Chrócaigh. Is é Muhammad Ali an fear deiridh a throid thuas ann in 1972. Ní bheadh aon duine níos fearr le troid thuas ann ná í agus tá sé tuillte chuile *bhit* beo aici, troid thuas i bPáirc an Chrócaigh. Go mór mór, cheapfainnse nach mbeadh Páirc an Chrócaigh sách mór le haghaidh an troid (na troda) seo mar gheall... tá an oiread daoine atá ag iarraidh dul chuig an troid seo.

¹ ‘a bheas’ = a bheidh

² Canúint Chonnacht atá ag na cainteoirí seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh ‘sa’.

³ chuile = leagan canúnach de ‘gach uile’